



Seirbhísí agus  
Tacaíochtaí  
Fostaíochta le  
haghaidh Fostóirí




# Teacht Gan Dua ar Fhostaithe don Todhchaí

**Cuireann Intreo rogha leathan tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil chun cabhrú leat daoine oiriúnacha a fhostú de réir mar a thagann folúntais chun cinn i do chuideachta.**

Ní ghearrtar costas ar bith ar chuideachtaí agus ar na seirbhísí a bheidh ar fáil duit beidh:

- Tacaíocht agus comhairle fostaíochta i dtaobh fostaithe in Éirinn agus fostaithe san Eoraip trí chéile, chun teacht a thabhairt duit ar iarrthóirí oilte atá réidh le dul i mbun oibre.
- Intéirneachtaí agus socrúcháin oibre JobBridge.
- Comhairle agus teacht ar thionscnaimh fostaíochta a d'oirfeadh do do chuideachta.
- Tacaíochtaí san ionad oibre ar mhaithe le fostaithe atá faoi mhíchumas
- Tacaíochtaí airgeadais chun poist nua a chruthú, chun an costas ortsa a choimeád chomh beag agus is féidir.



# Tacaíochtaí agus Seirbhísí Fostaíochta

## Tá Daoine Oilte atá Réidh le Dul i mBun Oibre Fad Láimhe Uait

Acmhainn den scoth is ea seirbhís fostaíochta Jobs Ireland agus oibríthe á n-earcú ag do chuideachta – anois agus sa todhchaí. Tugann Jobs Ireland teacht duit ar iarrthóirí atá réidh le dul i mbun oibre.

Tugaimid conairí éagsúla duit chun an t-iarrthóir is fearr a fháil. D'fhéadfá folúntas a fhógairt ar ár suíomh idirlín; ar ár bhFeidhmchlár Jobseeker d'iarrthóirí poist agus tríd ár líonra oifigí ar fud na tíre. Agus más mian leat fostaithe a chuardach lasmuigh d'Éirinn féadfaimid d'fholúntas poist a chur chuig na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí ar fad i mBallstáit an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíche (LEE) agus san Eilvéis, nó chuig aon cheann díobh.

## Cur chuige Saincheaptha chun Poist Speisialaithe a Líonadh

Má tá tacaíocht uait chun feachtas earcaíochta ar scála mór a réachtáil nó má tá tú ag lorg fostaithe a bhfuil scileanna nó taithí ar leith acu, bheimis sásta seirbhís shaincheaptha a thairiscint duit a d'oirfeadh do riachtanais do chuideachta féin. Táimid anseo le heispéireas réidh saor ó thrioblóid a thairiscint duit, is cuma an bhfuil tú ag lorg fostaí in Éirinn nó san Eoraip trí chéile.

# Deiseanna Taithí Oibre

## JobBridge

D'fheadfadh sé gurb é leas do chuideachta é duine dífhostaithe a earcú trí JobBridge – an Scéim Náisiúnta Intéirneachta.

Beidh teacht ag do chuideachta ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach mar fhostaithe amach anseo, agus beidh fáil agat ar éirim nua agus ar smaointeoireacht úr, agus ar oibrithe nua-oilte agus oibrithe oilte.

Deis thábhachtach is ea JobBridge do chuardaitheoirí poist chun taithí thábhachtach a fháil i dtimpeallacht oibre, go háirithe do dhaoine atá ag féachaint le heolas agus le scileanna ar leith a fháil chun dul isteach i ngairm ar leith.

Soláthraíonn JobBridge deiseanna intéirneachta a mhaireann 6 mhí nó 9 mí agus faigheann intéirneigh €50 de liúntas anuas ar a n-íocaíocht leasa shóisialaigh ar feadh thréimhse na hintéirneachta.

Gheobhaidh tú na sonraí ar fad mar gheall ar JobBridge agus na riachtanais cháiliúcháin d'iarrthóirí agus d'eagraíochtaí ar [www.jobbridge.ie](http://www.jobbridge.ie), nó ag Íosghlao 1890 800 024.

# Deiseanna Taithí Oibre

## First Steps

Clár atá in First Steps atá cosúil le JobBridge a sholáthraíonn socrúcháin taithí oibre d'intéirínigh ar feadh tréimhse 6 nó 9 mí. Scéim socrúchán oibre atá in First Steps do dhaoine atá idir 18 agus 24 bliain d'aois, a shíníonn ar an mbeochlár agus a bhfuil taithí theoranta nó taithí ar bith acu de bheith ag oibriú. Is é an cuspóir chun deis a thabhairt dóibh chun scileanna oibre a fhoghlaim agus a fhorbairt agus chun an taithí ábhartha san ionad oibre a fháil.

Más spéis leat socrúchán a sholáthar faoi scéim First Steps, cláraigh do Nochtadh Spéise ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig **firststeps@welfare.ie**. Déanfaimid teagmháil leat le sonraí faoi na deiseanna de chuid First Steps agus socróimid iarrthóirí oiriúnacha.

## Clár Socrúchán Oibre (CSO)

Tugann an Clár Socrúchán Oibre (CSO) fostóirí agus cuardaitheoirí poist atá dífhostaithe le chéile do shocrúchán a mhairfidh tréimhse íosta 2 mhí tréimhse uasta 9 mí. Baineann fostóirí sochar as duine a bheith acu chun cur lena ngnólacht, agus feabhas á chur ag an am céanna ar scileanna agus ionchais ghairme an duine.

Féadfaidh fostóirí ar spéis leo socrúchán oibre CSO a sholáthar an Fhoirm Iarratais ar líne a chomhlánú, i gcomhar leis na Treoirínte Iarratais, atá ar fáil ag **www.welfare.ie**.

# Tacaíochtaí d'Fhostaithe san Ionad Oibre

## Cur Chuige Níos Cuimsithí i Leith na Fostaíochta

Tá roinnt tacaíochtaí agus liúntais phraiticiúla ar fáil do do chuideachta chun cabhrú go réamhghníomhach go nglacfaidh daoine atá faoi mhíchumas páirt sa lucht saothair. Murar fhostaigh tú duine atá faoi mhíchumas roimhe seo, nó más mian leat fostaí a choimeád a bhfuil lagú nó galar air/uirthi, féadfaimid an cistiú a sholáthar chun cabhrú leat é seo a dhéanamh.

Seo hiad na tacaíochtaí atá ar fáil uainn:

- An Scéim Fóirdheontais Pá
- An Scéim um Choimeád Fostaithe
- An Deontas um Trealamh agus Oiriúnú an Ionaid Oibre
- An Deontas um Léitheoir Pearsanta
- An Deontas um Léirmhínteoir Agallaimh Poist
- An Scéim um Thacaíocht Oiliúna maidir le Feasacht ar Mhíchumas
- An tSeirbhís Infhostaitheachta

## Tacaíochtaí eile

Is é an atÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách stáit, a chuireann sainchomhairle ar fáil ar chúrsaí míchumais, idir bheartas agus chleachtas. Gheofar eolas breise ar bheartais agus ar sheirbhísí fostaíochta agus oiliúna an Údaráis ag [www.nda.ie](http://www.nda.ie)

**Tá cuntas tugtha ar thuilleadh faisnéise agus sonraí faoi theidlíochtaí do thacaíochtaí agus seirbhísí sa bhróisiúr seo ar [www.intreo.ie](http://www.intreo.ie) nó trí ghlaó ar Íosghlaó 1890 800 024.**



# JobsPlus

## Post Nua, Laghdú ar Chostas

Dreasacht d'fhostóirí is ea JobsPlus, trína dtugtar spreagadh agus luach saothair d'fhostóirí a thairgeann deiseanna fostaíochta do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar an mBeochlár.

Scéim shimplí d'fhostóirí, is ea JobsPlus, a thairgeann suas le €10,000 i gcás fostaí incháilithe, a íoctar in íocaíochtaí míosúla in imeacht dhá bhliain.

Is féidir le fostóirí clárú ar líne ag **[www.jobsplus.ie](http://www.jobsplus.ie)** chun ceadú a fháil mar fhostóir cáilithe. Fostóirí ceadaithe a fhostaíonn fostaí incháilithe, gheobhaidh siad dreasacht airgid, a íoctar i riaráiste míosúil, in imeacht dhá bhliain.



# JobsPlus

Sábháil suas le €10,000 gach uair a earcaíonn tú fostaí nua le JobsPlus

Is iad leibhéil na dreasachta:

- €7,500 d'earcaithe atá dífhostaithe ar feadh níos faide ná 12 mhí, ach níos giorra ná 24 mí;
- €7,500 d'earcaithe atá faoi 25 bliain d'aois (JobsPlus Óige) agus atá dífhostaithe ar feadh 4 mhí, ar a laghad, le 6 mhí anuas, agus
- €10,000 d'earcaithe atá dífhostaithe ar feadh breis agus 24 mí..

Beidh scéim JobsPlus ar fáil d'fhostóirí:

- A thairgeann post lánaimseartha de bhreis is 30 uair an chloig sa tseachtain, thar ceithre lá sa tseachtain ar a laghad, d'fhostaí incháilithe;
- A líonann folúntais nua agus deiseanna ag éirí as athrú nádúrtha foirne;
- Atá comhlíontach go hiomlán le dlíthe cánach agus fostaíochta na hÉireann;
- A fhéachann chuige nach ngabhann fostaí incháilithe áit aon fhostaí atá ann cheana.

Gheofar sonraí iomlána na gcritéar incháilitheachta, agus Ceisteanna Coitianta, ar [www.jobsplus.ie](http://www.jobsplus.ie).